Iomaíocht do phost mar Príomh-Iniúchóir Rialtais Áitiúil (Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil)

An Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta

Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag lorg iarratas ar phost mar Príomh-Iniúchóir.

Is é misean na Roinne tacú le seachadadh inbhuanaithe agus éifeachtúil de tithe dea-phleanáilte agus rialtas áitiúil éifeachtach. Tá freagracht iomlán ar an Roinn as beartas i réimsí na tithíochta, an rialtais áitiúil, na pleanála, an uisce agus na hoidhreachta nádúrtha agus tógtha agus as soláthar faisnéise meitéareolaíochta d'ardchaighdeán trí Met Éireann.

Is aonad laistigh den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil. Is é a shainchúram seirbhís iniúchóireachta seachtraí a sholáthar d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí rialtais áitiúila eile.

Is post bainistíochta sinsearach é seo le Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil (LGAS). Ceaptar Príomh-Iniúchóirí Rialtais Áitiúil faoi Alt 116 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 chun iniúchadh a dhéanamh ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla na n-údarás áitiúil agus comhlachtaí poiblí eile de réir an Chóid Chleachtais Iniúchóireachta don LGAS. I measc na gcomhlachtaí atá le hiniúchadh tá Comhairlí Cathrach, Comhairlí Contae agus comhlachtaí eile.

Mar Phríomh-Iniúchóir Rialtais Áitiúil, beidh tú freagrach as clár oibre d'ardchaighdeán Luach ar Airgead a sheachadadh i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara éagsúla. Beidh an Príomh-Iniúchóir Rialtais Áitiúil freagrach as taighde a stiúradh agus a bhainistiú, as bailiú sonraí, agus as anailís a dhéanamh ar gach ábhar VFM agus as tuarascálacha a sheachadadh. Príomhriachtanas de na tuarascálacha seo is ea moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin agus athrú.

Ina theannta sin, áireofar sa ról freisin iniúchadh airgeadais agus deimhniú ar ráitis airgeadais bhliantúla na n-údarás áitiúil.

Ceanglaítear ar Príomh-Iniúchóirí Rialtais Áitiúil oibriú as a stuaim féin.
Beidh an Príomh-Iniúchóir Rialtais Áitiúil freagrach freisin as bainistiú agus forbairt na foirne san aonad agus beidh na scileanna cumarsáide riachtanacha aige chun déileáil go héifeachtach le páirtithe leasmhara.

Ceanglaítear ar Phríomh-Iniúchóirí Rialtais Áitiúil ról ceannaireachta a ghlacadh i bhforbairt straitéiseach leanúnach Sheirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil lena n-áirítear caighdeáin iniúchta gairmiúla agus dearbhú cáilíochta.

Eolas breise
Le haghaidh tuilleadh eolais agus sonraí faoin bpost féach le do thoil ar an leabhrán eolais a ghabhann leis seo.
http://www.housing.gov.ie/recruitment

Roinn Fhostaíochta/Údaráis
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta

Earcaíocht
Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta ag earcú don phost seo faoina Cheadúnas Earcaíochta arna eisiúint ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) agus de réir Chód Cleachtais an CPSA.

Roinn Fhostaíochta/Suíomh an Údaráis
www.housing.gov.ie

Suíomh
Baile Átha Cliath/Corcaigh/Lár Tíre/an Iarthar

Iarratais
Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas ná 3:00 pm Dé hAoine 1ú Márta 2024.
Tabhair faoi deara: Ní dhéanfar ach iarratais a chuirtear isteach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil a mheas.
http://www.housing.gov.ie/recruitment

Dáta Fógraíochta
8ú Feabhra 2024

Dáta Deiridh d'Iarratais
3:00 pm Dé hAoine 1ú Márta 2024.